



An Bhruiséil, 13 Aibreán 2026

CM 2401/26

AVIATION
CONSOM
CODEC

TEACHTAIREACHT

FÓGRA CRUINNITHE

Teagmháil:	pierre.bastard@consilium.europa.eu emma.la-ferla@consilium.europa.eu
Teil/Facs:	+32 2 281 3221 +32 2 281 3096
Ábhar:	Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás ina ndíulthaítear cead bordála dóibh nó i gcás ina gcuirfear eitiltí ar ceal nó ina gcuirfear moill fhada orthu agus Rialachán (CE) Uimh. 2027/97 maidir le dliteanas aeriompróirí i ndáil le hiompar paisinéirí agus a gcuid bagáiste d'aer, a ghlacadh – An Coiste Idir-réitigh
Dáta:	20 Aibreán 2026
Am:	17.00
Ionad:	PARLAIMINT NA hEORPA

Molann an Uachtaránacht, i gcomhaontú le hUachtarán Pharlaimint na hEorpa, cruinniú den Choiste Idir-réitigh a thionól i gcomhréir le hAirteagal 294(8)(b) CFAE, in SPINELLI – 5G3, ar 18:00 an 20 Aibreán 2026.

Ag an gcruinniú, measfar an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 lena mbunaítear comhrialacha maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil agus i gcás ina gcuirfear eitiltí ar ceal nó i gcás ina gcuirfear moill fhada orthu, agus Rialachán (CE) Uimh. 2027/97 maidir le dliteanas aeriompróirí i ndáil le hiompar paisinéirí agus a gcuid bagáiste d'aer (2013/0072 (COD)).

Sula dtionólfar an cruinniú, beidh cruinniú tríthaobhach ann ar 15.00 agus cruinniú ullmhúcháin do na toscaireachtaí ar 17.00 in SPINELLI – Seomra le deimhniú.

Seol liosta de rannpháirtithe an Choiste Idir-réitigh (triúr in aghaidh na toscaireachta) chuig Ardrúnaíocht na Comhairle le ríomhphost (avia-mar@consilium.europa.eu) **faoin gCéadaoin, an 15 Aibreán 2026, 17.00.**
